

# FÉILE IDIRNÁISIÚNTA PAN CHEILTEACH

## COMÓRTAS AMHRÁN NUA-CHUMTHA 2018

### Comórtas Náisiúnta chun Amhrán na hÉireann a roghnú

#### **NA RIALACHA:**

#### **1.**

1. Amhrán nua i dteanga cheilteach atá á lorg.
2. I nGaeilge a bheidh amhrán na hÉireann.
3. Is gá an ceol agus na focail a bheith nua-chumtha.
4. Measfar an t-amhrán ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an chur l láthair.

#### **2.**

1. Roghnóidh gach tír amhrán amháin le dul san iomaíocht. An Coiste Náisiúnta i ngach tír a roghnóidh an t-amhrán trí chomórtas náisiúnta chuige sin.
2. Ní mór don bhuaiteoir náisiúnta a (h)amhrán a chanadh beo ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach nó socrú a dhéanamh go gcanfar beo ansin é.
3. Ní cheadaítear ceol taifeadta ná a leithéid sa chomórtas poiblí.

#### **3.**

1. Ní mór an t-amhrán a chur isteach ar CD nó is féidir é a sheoladh ar mp3.
2. Ní mór freisin na focail agus an ceol a chur ar fáil. Moltar go mbeadh na focail cló-scríofa ach is gá dóibh, ar a laghad, a bheith scríofa go néata, soiléir.
3. Níl aon táille iontrála.

4. Úsáid an fhoirm iontrála (FPC1) agus seol chuig **An Comórtas Amhrán Pan Cheilteach, Glór Cheatharlach, Áras na nÓg, Éire Óg, Ceatharlach. R93 Y020**

5. **An spriocdháta d'iarraitais ná 5.00i.n. ar an Aoine, 26ú Eanáir 2018.**

4.

1. Íocfar duais airgid €1,000 leis an amhrán a roghnófar mar amhrán na hÉireann ar an gcoinníoll go gcuirfidh an buaiteoir an t-amhrán i láthair ag an gComórtas Idirnáisiúnta ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2018 a bheidh ar siúl i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.
2. Níl sárú ar bhreith na moltóirí agus coiste náisiúnta Pan Cheilteach.
3. Is é an buaiteoir náisiúnta atá freagrach as a c(h)ostais féin ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2018.
4. Cuirfidh an Coiste Náisiúnta painéal moltóirí ar fáil chun Amhrán na hÉireann a roghnú don Chomórtas Idirnáisiúnta Pan Cheilteach.

#### **NÓTAÍ BREISE:**

1. Déanfar gearrliosta amhráin as na hiarratais seolta isteach roimh 26ú Eanáir. Canfar na hamhráin beo os comhair painéal moltóirí agus lucht éisteachta ag an gComórtas Amhrán Náisiúnta a reáchtáilfear ins an Ostán Seven Oaks, Ceatharlach ar an **Satharn, 10ú Márta 2018 ag 8i.n.**
2. **Ní chuirfear na hamhráin ar fáil roimhré do mholtóirí an Chomórtais Náisiúnta. Cloisfidh siad iad don chéad uair ag an léiriú beo ar an oíche.**
3. Beidh cleachtaidh agus trialacha fuaime ar siúl san iarnóin ar 10ú Márta.
4. Ní cheart an t-amhrán a bheith níos faide ná 4.5 nóiméad ar a mhéad.
5. Déanfaidh an stiúrthóir ceoil, Ollie Hennessy, comhairle a thairiscint do na hiomaitheoirí a roghnófar don chomórtas náisiúnta faoi chóiriú cuí a chur ar na hamhráin.
6. Beidh ceoltóirí profisiúnta ar fáil i gCeatharlach le tionlacan breise a chur ar fáil do na hamhránaithe más gá.